Coimisiún na Meán

# Cód Sábháilteachta ar Líne

Dáta foilsithe:
Deireadh Fómhair 2024

# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá** | **2** |
| **Cuid A** 1. | **Réamhrá** | **5** |
| 2. | **Raon agus Dlínse** | **6** |
| 3. | **Cuspóir, Ullmhú agus Cur i bhFeidhm an Chóid** | **6** |
| 4. | **Prionsabail Rialála atá Ábhartha don Chód** | **7** |
| | Cuspóirí agus Feidhmeanna Reachtúla Ginearálta | 7 |
| 5. | **Straitéis um Chomhlíontacht Ríomhthráchtála** | **8** |
| 6. | **Treoraíocht Reachtúil** | **9** |
| 7. | **Inscoiteacht** | **9** |
| 8. | **Tarscaoileadh** | **9** |
| 9. | **Comhlíontacht agus Forfheidhmiú** | **10** |
| 10. | **Oibleagáidí Ginearálta de bhun na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán** | **10** |
| | Bearta Iomchuí | 12 |

# Cuid B


| | | |
|---|---|---|
| 11. | **Sainmhínithe** | **15** |
| 12. | **Oibleagáidí Sainiúla na Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán - Ábhar** | **20** |
| | Téarmaí agus Coinníollacha agus Oibleagáidí Gaolmhara - Ábhar | 20 |
| | Cuntais a chur ar Fionraí | 21 |
| | Dearbhú Aoise agus Ábhar Físeán do Dhaoine Fásta Amháin | 22 |
| | Rátáil Ábhair | 22 |
| | An Dioscúrsa Sibhialta maidir le hÁbhair Leasa Phoiblí | 23 |
| 13. | **Oibleagáidí Sonracha na Soláthraithe Seirbhíse Ardáin Comhroinnte Físeán - Cumarsáid Tráchtála Chlosamhairc** | **23** |
| | Téarmaí agus Coinníollacha agus Oibleagáidí Gaolmhara - Cumarsáid Tráchtála Chlosamhairc | 23 |
| | Cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán a mhargú, a dhíol ná a shocrú | 23 |
| | Cuntais a chur ar Fionraí | 24 |
| | Cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán a mhargú, a dhíol nó a shocrú | 25 |
| | Alcól | 26 |
| | Cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhearbhú le haghaidh físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí | 26 |
| 14. | **Rialúcháin Tuismitheoirí** | **26** |
| 15. | **Tuairisciú agus marcáil** | **27** |
| 16. | **Gearáin** | **28** |
| 17. | **Oibleagáidí na Soláthraithe Seirbhíse Ardáin Comhroinnte Físeán – Eile** | **29** |
| | Litearthacht sna Meáin – Bearta agus Uirlisí | 29 |
| | Sonraí Pearsanta – Leanaí | 29 |
| | Tuairisciú ar Bhearta | 29 |

# Réamhrá

Is ionann glacadh an Chóid Sábháilteachta Ar Líne de chuid Choimisiún na Meán agus athrú tabhachtach ó bhonn ar chur chuige ár sochaí i leith daoine a choinneáil sábháilte ar líne. Tá ré an fhéinrialúcháin in earnáil na teicneolaíochta thart, agus leis an gCód Sábháilteachta Ar Líne, mar aon le gnéithe eile dár gCreat Sábháilteachta Ar Líne, cuirfear an fhreagracht ar ardáin ar líne as a núsáideoirí, leanaí go háirithe, a choinneáil sábháilte ar líne. Tagann trí phíosa reachtaíochta éagsúla le chéile chun an Creat Sábháilteachta ar Líne a dhéanamh - an tAcht um Shábháilteacht Ar Líne agus um Rialáil Meáin, 2022, atá ina bhonn lenár gCód Sábháilteachta ar Líne, an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha an AE agus Rialachán an AE maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne. Tugtar na huirlisí dúinn sa Chreat chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le díobháil ar líne, lena náirítear infhaighteacht an ábhair neamhdhleathaigh, tionchar díobhálach na gcóras moltóirí, agus cosaintí uireasacha le haghaidh páistí ar sheirbhísí na meán sóisialta. Is féidir le cuideachtaí meán sóisialta, agus ba cheart dóibh, tuilleadh a dhéanamh lena nardáin a dhéanamh níos sábháilte, agus aistriú go cur chuige sábháilteacht trí dhearadh.

Ceapadh mé mar an chéad Choimisinéir Sábháilteachta Ar Líne in Éirinn i mí an Mhárta anuraidh agus tá forbairt an Chóid Sábháilteachta Ar Líne mar phríomhthosaíocht dom féin agus do Choimisiún na Meán. Bhí sé de phribhléid agam agus ag mo chomhghleachaithe casadh ar an oiread sin daoine a raibh tionchar ag díobhálacha ar líne orthu agus d'fhoghlaimíomar óna gcuid eispéireas a bhí uafásach go minic. Bhí sé de phléisiúr againn ár gCoiste Comhairleach don Ógra a chur ar bun agus cloisteáil uathu go pearsanta faoin gcaoi a núsáideann siad na meáin shóisialta agus faoin gcaoi a bhféadfadh an Cód Sábháilteachta Ar Líne dul i ngleic leis na heispéiris dhíobhálacha a bhíonn acu ar líne.

Rinneadh méid millteanach oibre crua ar fhorbairt an Chóid Sábháilteachta Ar Líne ó cuireadh Coimisiún na Meán ar bun i mí an Mhárta 2023. Fuaireamar freagraí dea-chroíocha ar ár nGlao tosaigh ar Ionchuir le linn shamhradh 2023 agus bhí nach mór 1400 aighneacht ann ar ár gComhairliúchán ar an dréacht-Chód agus an treoir a mhair ó mhí na Nollag 2023 go mí Eanáir 2024. Táimid buíoch de na daoine aonair agus de na grúpaí uile a ghlac an tam lena ndearcthaí agus a gcuid saineolais a roinnt linn.

D'fhoilsíomar dréacht-Chód athbhreithnithe ansin, inar chuireamar na haighneachtaí san áireamh agus d'oibríomar go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach chun ailíniú a chinntiú sa chur chuige i leith sábháilteacht ar líne idir an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Cód Sábháilteachta Ar Líne. Thugamar fógra don Choimisiún Eorpach faoin gCód ansin i mí na Bealtaine trí phróiseas riachtanach TRIS. Bhí an-áthas orainn gan aon bharúlacha ná tuairimí a fháil ón gCoimisiún Eorpach ná ó Bhallstáit eile tríd an bpróiseas sin agus is féidir linn dul ar aghaidh anois chun an Cód deiridh a ghlacadh.

Tá feidhm ag an gCód maidir le seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, a bhfuil aithne mhaith ar go leor acu agus ar seirbhísí iad a úsáidimid gach lá. Ceanglaítear leis ar na hardáin sin srian a chur le chatagóir áirithe físeán agus ábhar a bhaineann leo, ionas nach féidir le húsáideoirí uaslódáil no roinnt a dhéanamh ar na cineálacha is díobhálaí. San áireamh sna catagóir srianta sin tá cibearbhulaíocht, cur chun cinn neamhord

itheacháin agus beathaithe, cur chun cinn féinghortaithe agus féinmharaithe, dúshláin chontúirteacha. agus gríosú chun fuatha nó foréigin ar fhorais éagsúla, lena náirítear inscne, cleamhnacht pholaitiúil, míchumas, bheith ina bhall de mhionlach eitneach, reiligiún agus cine.

Srianta freisin tá ábhar coiriúil amhail ábhar mí-úsáide gnéis leanaí, sceimhlitheoireacht, ciníochas agus seineafóibe.

Tugann an Chód cosaint do pháistí ó pornagrafaíocht agus foréigean as cuimse nó gan ghá, tríd iachall a chur ar na hárdáin a cheadaíonn an ábhar seo modh éífeachtach fhíorú aoise a úsáid ionas nach féidir le pháistí é a fheicint de ghnáth. Ní leor é cheist a chur ar úsáidóirí an os cionn ocht mbliana déag iad. Beidh iachall ar na hárdáin modh éifeachtach d'fhíorú aoise a úsáid freisin, ag braith ar a méid agus cinéal, chun cosaint a thabhairt do pháistí ó fhíseán agus ábhar a bhaineann leis a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt fhisiciúil, meabhrach nó mhorálta.

Leis an gCód cuirtear iachall ar na hárdáin na huirlisí a thabhairt do thuismitheoirí chun cuidiú lena bpáistí fanacht sábháilte, lena náirítear teorainn a chur leis an am a chaitheann siad ar líne agus na cineálacha ábhar a fheiceann siad.

Tá gá le cur chuige uile-shochaí ar mhaithe le sábháilteacht ar líne agus tá ról le himirt againn uile. Díreach mar a dhéanaimid san fhíorshaol, is féidir linn uile machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a niompraímid sinn féin ar líne agus ar an tionchar a bhíonn ag an méid a deirimid agus a dhéanaimid ar dhaoine eile. Ní hé nach mbíonn aird ar an dlí ar an idirlíon, agus pléifidh an Garda Síochána le hiompar coiriúil ar líne díreach mar a dhéanann sé le hiompar coiriúil as líne. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil tuismitheoirí, cúramóirí, múinteoirí agus leanaí feasach ar a gcuid ceart ar líne agus ar an gcaoi lena núsáid. Oibreoimid chun aird a tharraingt ar chearta daoine faoin gCreat Sábháilteachta Ar Líne agus d'ullmhaíomar ábhair oideachais a roinneamar le scoileanna, chomh maith le feachtais atá dírithe ar an bpobal mór.

Agus muid ag breathnú chun tosaigh, táimid meáite ar ár gcuid oibre a bhrú chun cinn ar mhaithe le daoine in Éirinn agus ar fud na hEorpa a chosaint ar dhíobháil ar líne.

Is garsprioc thábhachtach é glacadh an Chóid Sábháilteachta Ar Líne a chintíonn go bhfuil creat rialála cuimsitheach i bhfeidhm. Fanfaimid ar an airdeall inár niarrachtaí lena chinntiú go ndéanann an tidirlíon maitheas dár sochaí.

**Niamh Hodnett**
An Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne,
ar son Coimisiún na Meán



**L-R** Rónán Ó Domhnaill, Coimisinéir Forbartha na Meán; Niamh Hodnett, Coimisinéir Sábháilteachta ar Líne; Jeremy Godfrey Cathaoirleach Feidhmiúcháin; Aoife MacEvilly, Coimisinéir Craolacháin agus Físeáin ar Éileamh; John Evans, Coimisinéir Seirbhísí Digiteacha



# Cuid A

## 1. Réamhrá

1.1. De bhun Alt 139K den Acht Craolacháin 2009, arna leasú ag an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 (an “**tAcht**”), féadfaidh Coimisiún na Meán (an “**Coimisiún**”) cóid (“**cóid sábháilteachta ar líne**”) a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí tiomnaithe ar líne i gcomhréir le hAlt 139L den Acht. I gcomhréir lena dhualgais agus lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht, d’ullmhaigh an Coimisiún an cód sábháilteachta ar líne seo (an “**Cód**”).

1.2. Roinntear an Cód ina dhá chuid: **Cuid A** agus **Cuid B**.

1.3. I **gCuid A** den Chód leagtar amach an comhthéacs reachtach agus rialála don Chód, agus déantar foráil maidir leis na hoibleagáidí ginearálta atá ag soláthraithe seirbhíse ardáin comhroinnte físeán de bhun Alt 139K den Acht agus Airteagal 28b de Threoir (AE) 2010/13 (arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808) (an “**Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**” nó an “**Treoir**”). Áirítear leis an méid sin bearta a ghlacfaidh soláthraithe na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, de réir mar is iomchuí, chun an pobal i gcoitinne agus leanaí a chosaint.

1.4. I **gCuid B** déantar foráil maidir le hoibleagáidí níos sainiúla do sholáthraithe na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán, agus leagtar amach na bearta iomchuí a ghlacfaidh soláthraithe na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán chun na cosaintí do leanaí agus don phobal i gcoitinne a chur ar fáil de réir mar is gá faoi Airteagal 28b(1)(a), (b) agus (c) den Treoir, agus chun ceanglais Airteagal 9(1) den Treoir a chomhlíonadh.

1.5. Is ceangailteach é an Cód ina iomláine ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán arna rialáil leis an gCód. Beidh feidhm ag forálacha an Chóid maidir le gach seirbhís den sórt sin. Ní chuirfear cosc ar an gCoimisiún leis sin, agus comhlíonadh an Chóid á mheas i gcomhréir le hAlt 9 den Chód seo thíos, agus méid na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus cineál na seirbhíse arna chur ar fáil á dtabhairt san áireamh.

# 2. Raon agus Dlínse

2.1. Leis an gCód, tugtar éifeacht d'Airteagal 28b den **Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc** sa Stát.

2.2. Beidh feidhm ag an gCód seo maidir le gach seirbhís ardáin comhroinnte físeán atá faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Alt 2B den Acht, óir is seirbhísí iad a thagann faoi chatagóir na seirbhísí ábhartha ar líne arna n-ainmniú ag an gCoimisiún.

2.3. Beidh feidhm ag an gCód seo maidir le gach seirbhís ardáin comhroinnte físeán atá ainmnithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Acht mar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán faoi dhlínse an Stáit.[1]

# 3. Cuspóir, Ullmhú agus Cur i bhFeidhm an Chóid

3.1. Is é cuspóir an Chóid éifeacht a thabhairt don oibleagáid atá ar an gCoimisiún faoi Alt 139K(3) den Acht chun a chuid cumhachtaí a úsáid le cóid sábháilteachta ar líne a dhéanamh d'fhonn a chinntiú go ndéanfaidh na soláthraithe seirbhíse ardáin comhroinnte físeán an méid seo a leanas:

- bearta a dhéanamh atá iomchuí chun na cosaintí a chur ar fáil a leagtar amach in Airteagal 28b(1)(a), (b) agus (c) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc lena n-áirítear na bearta iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 28b(3);
- an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 9(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann siad a mhargú, a dhíol nó a shocrú; agus
- bearta iomchuí a ghlacadh chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann siad a mhargú, a dhíol ná a shocrú, agus a laghad agus a rialaíonn siad an chumarsáid sin á thabhairt san áireamh.

3.2. D'ullmhaigh an Coimisiún an Cód ag féachaint d'fhorálacha Alt 139M den Acht agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Alt 139N den Acht.

1. Foilsíonn an Coimisiún an clár seirbhísí ar líne ainmnithe atá ainmnithe mar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán ar a shuíomh gréasáin: https://www.cnam.ie/ga.

3.3. Cuirfidh an Coimisiún an Cód i bhfeidhm ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán i gcomhréir le hAlt 139L den Acht.

3.4. De réir mar a chuirtear an Cód seo i bhfeidhm ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, téann an Coimisiún i mbun comhairliúcháin chun críoch Alt 139L agus i mbun comhairliúcháin chun críoch Alt 139N den Acht.

# 4. Prionsabail Rialála is Ábhartha don Chód

4.1. Ina léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú den Chód seo, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.

Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- a chuspóirí agus feidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht;
- na cuspóirí reachtúla a leagtar amach in Airteagal 28b den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc; agus
- na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint dá dhualgas faoi Alt 3(1) den Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

## Cuspóirí agus Feidhmeanna Reachtúla Ginearálta

4.2. Déantar foráil in Ailt 7(2)(a) agus 7(2)(b) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena chinntiú go gcloítear leis na luachanna daonlathacha a dhaingnítear sa Bhunreacht, go háirithe iad siúd a bhaineann le saoirse dhlisteanach na tuairimíochta, agus go dtugtar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí.

4.3. Ina theannta sin, faoi 7(2)(d) den Acht, ní mór don Choimisiún féachaint leis an méid seo a chinntiú dá shocruithe rialála:

- go dtabharfar aghaidh leo ar bhunábhar clár, ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí, agus ábhar eile, atá díobhálach nó mídhleathach;
- go gcuirfear san áireamh leo athruithe ar an teicneolaíocht nó athruithe ar an tsochaí;
- go n-oibreoidh siad go cuí, go comhsheasmhach agus go cothrom.

4.4. Le hAlt 7(3) den Acht déantar foráil go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas (*inter alia*)

- cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle;
- spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

4.5. De bhun Alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, féachfaidh an Coimisiún do na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

# 5. Straitéis Chomhlíontach Ríomhthráchtála

5.1. Le hAlt 139ZF den Acht, ceanglaítear ar an gCoimisiún Straitéis um Chomhlíontacht Ríomhthráchtála a ullmhú ina leagtar amach a chur chuige chun a chinntiú go mbeidh cóid sábháilteachta ar líne, ábhair threorach maidir le sábháilteacht ar líne agus fógraí comhairleacha comhréireach le hAirteagail 4, 5, 6 agus 8 de Rialachán (AE) 2022/2065 (An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

5.2. I gcomhréir lena chumhachtaí reachtúla agus ag féachaint dá dhualgais reachtúla, d’fhoilsigh an Coimisiún a Straitéis um Chomhlíontacht Ríomhthráchtála an 6 Deireadh Fómhair 2023. Tá cóip den Straitéis le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin – https://www.cnam.ie/ga.

5.3. Ní gá de réir aon fhorála den Chód seo, ná ní léireofar gur gá, faireachán ginearálta a dhéanamh ar fhaisnéis arna tarchur nó arna stóráil ag soláthraithe, ná céimeanna gníomhacha a ghlacadh ar bhonn ginearálta chun fíorais nó imthosca a lorg lena dtabharfaí gníomhaíocht mhídhleathach le fios in aghaidh Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2065 (An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

# 6. Treoraíocht Reachtúil

6.1. Féadfaidh treoraíocht reachtúil a bheith ag gabháil leis an gCód seo arna heisiúint ag an gCoimisiún i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Alt 139Z den Acht, agus á gcomhlíonadh freisin.

# 7. Inscoiteacht

7.1. Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód seo neamhdhlíthiúil, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le soláthraí (soláthraithe) áirithe seirbhíse ardáin comhroinnte físeán ar bhealach ar bith, ar bhunús aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus dlí na hEorpa), ní rachaidh an cinneadh sin i bhfeidhm ar dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód seo ná cuid de, nó is amhlaidh an méid céanna má fhaigheann an tsuibiacht faoiseamh arna dheonú ag cúirt.

7.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, beidh gach foráil eile agus/nó cuid eile den Chód seo fós lánéifeachtach, infheidhmithe, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá is amhlaidh a bhainfear den Chód aon fhoráil nó cuid den Chód, a chinntear a bheith neamhdhlíthiúil, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

# 8. Tarscaoileadh

8.1. Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d'aon doiciméad analógach a chuireann soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán faoina bhráid atá ainmnithe ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Acht, ná nach ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná faomhadh d'ábhar aon choda den mhéid céanna, agus ní thuigfear uaidh gur chomhlíon an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán lena chuid oibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód.

8.2. Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht orthu; ní cheapfar urbhac leis, ná ní bheidh sé ina tharscaoileadh, ag an gCoimisiún in aghaidh a chumhachtaí ná ceart de bhun an Achta agus/nó an Chóid.

# 9. Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

9.1. De bhun Alt 139Q den Acht, beidh mainneachtain ag seirbhís ardáin comhroinnte físeán cloí leis an gCód ina sárú chun críocha Chuid 8B den Acht.

9.2. Agus cinneadh á mheas cé acu a mhainnigh nó nár mhainnigh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán foráil den Chód a chomhlíonadh de réir bhrí Alt 139Q den Acht, agus/ná le haon chéim forfheidhmiúcháin dá bharr sin, féachfaidh an Coimisiún dó cé acu a léiríodh nó nár léiríodh chun sástacht an Choimisiúin nach mbeadh oibleagáid, nó in imthosca áirithe, comhlíonadh oibleagáide, indéanta ná comhréireach ina chur i bhfeidhm ar an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán, agus méid na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil á dtabhairt san áireamh.

9.3. Áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go mbíonn córais agus rialúcháin i bhfeidhm acu chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí a fhaightear sa Chód seo a léiriú.

# 10. Oibleagáidí de bhun na Treorach maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán

10.1. De bhun **Airteagal 28b(1)** den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus **Cuid 139K** den Acht, glacfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán bearta iomchuí chun an méid seo a leanas a chosaint:

a. leanaí a chosaint ar chláir, físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh dá bhforbairt coirp, meabhrach nó mhorálta i gcomhréir le hAirteagal 6(a)(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc;

b. an pobal i gcoitinne ar chláir, físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina bhfaightear gríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear in aghaidh ghrúpa daoine nó baill de ghrúpa ar bhonn aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

c. an pobal i gcoitinne ar chláir, físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina bhfaightear ábhar arb ionann a scaipeadh agus gníomhaíocht atá ina cion coiriúil faoi dhlí an Aontais, is é sin gríosú poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541, cionta atá bainteach le 'pornagrafaíocht leanaí' mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus cionta atá bainteach leis an gciníochas agus an tseineafóibe mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/JHA.

10.2. De bhun **Airteagal 28b(2)** den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus **Alt 139K** den Acht, comhlíonfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann an soláthraí ardáin comhroinnte físeán a mhargú, a dhíol nó a shocrú.

10.3. De bhun **Airteagal 28b(2)** den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus **Alt 139K** den Acht, áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go nglacfaidh siad bearta iomchuí chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann an soláthraí ardáin comhroinnte físeán a mhargú, a dhíol nó a shocrú; agus an rialúchán teoranta a fheidhmíonn an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán sin thar an gcumarsáid tráchtála chlosamhairc sin.

10.4. De bhun **Airteagal 28b(2)** den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc agus **Cuid 139K** den Acht, áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go gcuireann siad úsáideoirí ar an eolas go neamhbhalbh i gcás ina bhfaightear cumarsáid tráchtála chlosamhairc i bhfíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí, ar an gcuntar go ndearbhaítear an chumarsáid sin nó gurb eol don soláthraí an méid sin.

10.5. Chun ceanglais Alt 10 den Chód seo a bhaint amach, cuirfidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán chun feidhme, de bhun **Alt 139K**, na bearta a leagtar amach in Airteagal 28b(3)(a) – (j) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, de réir mar is iomchuí.

2. Tugann an Coimisiún dá aire agus aithníonn gurb é an téarma "ábhar drochúsáide gnéasaí leanaí" an tuairisc níos iomchuí ar an ábhar a chlúdaítear le hAirteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE. Úsáidtear an téarma "pornagrafaíocht leanaí" sa chás seo mar léiriú ar na sainmhínithe dlíthiúla sa Treoir.

# Bearta Iomchuí

10.6. De bhun **Alt 139K(3)** den Acht agus **Airteagal 28b(3)** den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc , glacfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, de réir mar is cuí, bearta iomchuí chun leanaí agus an pobal i gcoitinne a chosaint ar an méid seo a leanas:

a. Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán lena dtéarmaí agus coinníollacha na seirbhíse, agus cuirfidh sé chun feidhme iontu iad, ceanglais chun bearta iomchuí a ghlacadh leis an bpobal i gcoitinne agus leanaí a chosaint ar an ábhar dá dtagraítear in Airteagal 28b(1)(a)-(c) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc;

b. Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán lena dtéarmaí agus coinníollacha na seirbhíse, agus cuirfidh sé chun feidhme iontu iad, na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 9(1) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc i gcás cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán a mhargú, a dhíol ná a shocrú;

c. Beidh feidhmiúlacht ag soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán d'úsáideoirí a uaslódálann físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí lena dhearbhú cé acu a fhaightear nó nach bhfaightear cumarsáid tráchtála chlosamhairc sna físeáin sin, ar feadh eolais na n-úsáideoirí agus a mbeadh coinne réasúnta leis a bheith ar eolas acu;

d. Cuirfidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán sásraí follasacha agus so-úsáidte ar bun, agus oibreoidh sé iad, d'úsáideoirí ardáin comhroinnte físeán chun ábhar a thuairisciú nó a mharcáil don soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán dá dtagraítear in Airteagal 28b(1)(a)-(c) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chuirtear ar fáil ar a ardán;

e. Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán córais a chur ar bun agus a oibriú trínar féidir leis an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán míniú d'úsáideoirí na seirbhíse an éifeacht a tugadh don tuairisciú agus don mharcáil dá dtagraítear i bpointe (d);

f. Cuirfidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán córais fíoraithe aoise ar bun, agus oibreoidh sé iad, d'úsáideoirí ardán comhroinnte físeáin a mhéid a bhaineann le hábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta na mionaoiseach;[3]

g. Cuirfidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán córas rátála ábhair ar bun, agus oibreoidh sé é, atá so-úsáidte ina gceadaítear d'úsáideoirí an ardáin comhroinnte físeán an t-ábhar dá dtagraítear in Airteagal 28b(1)(a)-(c) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a rátáil;

3. Chun críocha Chuid A, áirítear sa téarma "fíorú aoise" bearta éifeachtacha dearbhaithe aoise lena n-áirítear meastachán aoise. Beart dearbhaithe aoise atá bunaithe go hiomlán ar fhéindearbhú aoise ag úsáideoirí na seirbhíse; ní bheidh sé ina bheart éifeachtach chun críocha Chuid A.

h. Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán foráil maidir le córais rialúcháin tuismitheora atá faoi rialú an úsáideora deiridh a mhéid a bhaineann le hábhar a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta na mionaoiseach;
i. Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nósanna imeachta follasacha, so-úsáidte agus éifeachtacha a chur ar bun agus a oibriú chun gearáin úsáideoirí leis an soláthraí ardáin comhroinnte físeán a láimhseáil agus a réiteach a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear i bpointí (d) go (h);
j. Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán foráil maidir le bearta agus uirlisí éifeachtacha litearthachta sna meáin, agus maidir le feasacht úsáideoirí a mhúscailt i leith na mbeart agus na n-uirlisí sin.

10.7. Má thagann aon fhadhb aníos maidir le cuibhiúlacht na mbeart, is faoin gCoimisiún a bheidh sé cinneadh a dhéanamh faoin méid céanna.

10.8. De bhun **Alt 139K(3)** den Acht agus **Airteagal 28b(3)** den Treoir, is éard a bheidh sna bearta iomchuí a ghlacfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán de bhun Alt 10.6 den Chód seo bearta a bhfuil an Coimisiún sásta leo gurb indéanta agus comhréireach iad, agus méid na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán agus cineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil á gcur san áireamh. Ar mhaithe le mionaoisigh a chosaint, a ndéantar foráil maidir leis in Airteagal 28b(1)(a) den Treoir, beidh an t-ábhar is díobhálaí faoi réir na mbeart is doichte.

10.9. De bhun **Alt 139K(3)** den Acht agus **Airteagal 28b(3)** den Treoir, ní dhéanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán próiseáil chun críocha tráchtála (amhail margaíocht dhíreach, próifíliú agus fógraíocht a dhírítear ar bhonn na hiompraíochta) ar shonraí pearsanta mionaoiseach arna mbailiú nó arna nginiúint ar bhealach eile ag soláthraithe de bhun phointí (f) agus (h) d'Alt 10.6.

10.10. De bhun **Alt 139ZD** den Acht agus **Airteagal 28b(7)** den Treoir, féadfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán foráil a dhéanamh maidir le sásraí sásaimh lasmuigh den chúirt lena n-áirítear eadráin a bheith ar fáil le díospóidí idir úsáideoirí agus an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán a shocrú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm mhíreanna 1 agus 3 d'Airteagal 28b den Treoir. Le sásraí den sórt sin féadfar díospóidí a réiteach ar bhealach neamhchlaonta agus ní cheilfear an chosaint dlí a sholáthraítear leis an dlí náisiúnta ar an úsáideoir. Chun nach mbeadh aon amhras ann, ní rabhaidh aon ní sa Chód seo i bhfeidhm ar chearta úsáideoirí a gcearta a mhaíomh os comhair cúirte i gcomhréir leis an dlí.



# Cuid B

Gan dochar do ghinearáltacht na gceanglas a leagtar amach in Alt 10 do chuid A don gCód, ón data socraithe ag an gCoimisiún do feidhmiú do chuid B don gCód, beidh feidhm ag Alt 11 go Alt 17 do pháirt B don gCód le soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán.

## 11. Sainmhínithe

Ciallaíonn "**ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin**":

- ábhar físeáin ina gcuimsítear an phornagrafaíocht,
- ábhar físeáin ina gcuimsítear léiriúcháin réadúla, nó léiriúcháin d'éifeachtaí, an fhoréigin thromchúisigh nó ar son an fhoréigin, nó ar bhearta cruálacha.

ciallaíonn **"beart dearbhaithe aoise"** próiseas a úsáidtear le rochtain ar sheirbhís nó ar ghnéithe nó ábhar sonrach de sheirbhís a shrianadh, lena mbaineann meastachán a dhéanamh ar aois úsáideora.

ciallaíonn "**cumarsáid tráchtála chlosamhairc**" cumarsáid tráchtála lena gcuimsítear íomhánna agus fuaim nó gan fuaim a dheartar leis na hearraí, seirbhísí nó íomhá de dhuine nádúrtha nó dlítheanach a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach, atá ag dul do ghníomhaíocht eacnamaíoch; cuirtear íomhánna den sórt sin i dteannta cláir nó físeáin arna ghiniúint ag úsáideoirí, nó áirítear iontu iad, ar íocaíocht a fháil nó ar chomaoin chomhchosúil a fháil nó chun cuspóirí féinbholscaireachta. Áirítear leis na cineálacha cumarsáide tráchtála closamhairc, i measc eile, fógraíocht teilifíse, urraíocht, teilishiopadóireacht, agus suíomh táirgí.

ciallaíonn "**cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach do leanaí**" an méid seo a leanas:

- cumarsáid tráchtála chlosamhairc a spreagann leanaí go díreach chun táirge nó seirbhís a cheannach nó a fhruiliú trí úsáid a bhaint as an easpa taithí nó an inchreidteacht atá acu,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc a spreagann leanaí go díreach chun cur ina luí ar a gcuid tuismitheoirí nó daoine eile na hearraí nó na seirbhísí a ndéantar fógraíocht ina leith a cheannach,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc a bhaineann leas as an muinín faoi leith a chuireann leanaí i dtuismitheoirí, múinteoirí agus daoine eile,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina léirítear leanaí i suíomhanna contúirteacha ar bhonn míréasúnta, agus
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh alcóil a dhírítear go sonrach ar leanaí.

## Cuid B

ciallaíonn "**cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá díobhálach don phobal i gcoitinne**" an méid seo a leanas:

- cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina ndéantar dochar don urraim ar dhínit dhaonna,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina n-áirítear nó ina gcuirtear chun cinn aon leithcheal atá bunaithe ar na forais seo a leanas: gnéas, bunús ciníoch nó eitneach, náisiúntacht, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, nó gnéaschlaonadh.
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina dtugtar spreagadh d'iompar atá dochrach don tsláinte nó don tsábháilteacht,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina dtugtar spreagadh d'iompar atá thar a bheith dochrach do chosaint an chomhshaoil,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh toitíní agus táirgí tobac eile, chomh maith le haghaidh toitíní leictreonacha agus coimeádán athlíonta,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina dtugtar spreagadh d'ólachán míchuibheasach deochanna alcólacha,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh táirgí íocshláinte agus cóireáil leighis nach bhfuil ar fáil sa Stát ach amháin ar oideas,

ciallaíonn "**leanbh/leanaí**" duine (daoine) atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

ciallaíonn "**ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí**" ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí lena gcuimsítear aon téacs, siombail, íomhá nó teideal a ghabhann i dteannta aon fhíseáin arna ghiniúint ag úsáideoirí, ar an gcuntar gur dodhealaithe é an téacs, siombail, íomhá, nó teideal sin ón bhfíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí.

ciallaíonn "**litearthacht sna meáin**" tuiscint an phobail ar ábhar arna fhoilsiú sna meáin chló, chraolacháin, ar líne nó eile, lena n-áirítear tuiscint ar an méid seo a leanas:

- cineál agus saintréithe an ábhair a fhoilsítear,
- an chaoi a roghnaítear ábhar, nó a chur ar fáil, lena fhoilsiú,
- an chaoi ar féidir le daoine aonair agus pobail ábhar a chruthú agus a fhoilsiú, agus
- an chaoi a ndéantar rochtain ar ábhar foilsithe a rialáil, nó an chaoi ar féidir í a rialáil.

ciallaíonn "**clár**" sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb éard atá iontu mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg arna bhunú ag soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus bunsaothar drámaíochta.

ciallaíonn "**cumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta**" an méid seo a leanas::

a. cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina bhfaightear gríosú chun foréigin nó fuatha in aghaidh grúpa daoine, nó comhalta de ghrúpa, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[4], arb iad sin gnéas, cine, dath craicinn, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh.

b. cumarsáid tráchtála chlosamhairc, arb éard atá ina scaipeadh agus:
   i. briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541,
   ii. cion i dtaca le "pornagrafaíocht leanaí"[5] de réir na brí a thugtar don téarma in Airteagal 5(4) den Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus
   iii. cion i dtaca leis an gciníochas agus seineafóibe mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/JHA.

ciallaíonn "**ábhar srianta dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí**" ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí, agus é á chur le chéile leis an bhfíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí lena mbaineann sé, atá ina:

a. ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí trína ndéanann duine bulaíocht nó náiriú ar dhuine eile,
b. ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí trína gcuireann duine chun cinn nó trína dtugann sé spreagadh d'iompraíocht atá mar shaintréith de neamhord beathaithe nó itheacháin,
c. ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí trína gcuireann duine chun cinn nó trína dtugann sé spreagadh don fhéindochar nó don fhéinmharú (lena n-áirítear ábhar físeáin ina dtugtar spreagadh d'iompraíocht atá díobhálach do shláinte nó sábháilteacht leanaí, lena n-áirítear dúshláin chontúirteacha),
d. ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí trína gcuireann duine eolas ar fáil faoi mhodhanna féindochair nó féinmharaithe (lena n-áirítear ábhar físeáin ina dtugtar spreagadh d'iompraíocht atá díobhálach do shláinte nó sábháilteacht leanaí, lena n-áirítear dúshláin chontúirteacha).

i gcás ina sásaíonn an t-ábhar sin i gcás phointí (a)-(d) an tástáil riosca mar a shainítear sa Chód seo í.

4. Lena n-áirítear, ach gan a bheith srianta do bhallraíocht den Lucht Siúil nó den phobal Romach.
5. Tugann an Coimisiún dá aire agus aithníonn gurb é an téarma "ábhar drochúsáide gnéasaí leanaí" an tuairisc níos iomchuí ar an ábhar a chlúdaítear le hAirteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE. Úsáidtear an téarma "pornagrafaíocht leanaí" sa chás seo mar léiriú ar na sainmhínithe dlíthiúla sa Treoir arna lua.

e. ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí ina bhfaightear gríosú chun foréigin nó fuatha in aghaidh grúpa daoine, nó comhalta de ghrúpa, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[6], arb iad sin gnéas, cine, dath craicinn, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, treoshuíomh gnéasach,
f. ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí arb éard atá ina scaipeadh briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541,
g. ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí arb éard atá ina scaipeadh cion i dtaca le "pornagrafaíocht leanaí" de réir na brí a thugtar don téarma in Airteagal 5(4) den Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus
h. ábhar dodhealaithe arna ghiniúint ag úsáideoirí arb éard atá ina scaipeadh cion i dtaca leis an gciníochas agus seineafóibe mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/JHA.

ciallaíonn "**ábhar físeáin srianta**" an méid seo a leanas:
a. ábhar físeáin trína ndéanann duine bulaíocht nó náiriú ar dhuine eile,
b. ábhar físeáin trína gcuireann duine chun cinn nó trína dtugann sé spreagadh d'iompraíocht atá mar shaintréith de neamhord beathaithe nó itheacháin,
c. ábhar físeáin trína gcuireann duine chun cinn nó trína dtugann sé spreagadh don fhéindochar nó don fhéinmharú, (lena n-áirítear ábhar físeáin ina dtugtar spreagadh d'iompraíocht atá díobhálach do shláinte nó sábháilteacht leanaí, lena n-áirítear dúshláin chontúirteacha).
d. ábhar físeáin trína gcuireann duine eolas ar fhéindochar nó féinmharú ar fáil (lena n áirítear ábhar físeáin a spreagann iompar a dhéanann dochar do shláinte nó do shábháilteacht leanaí, lena n áirítear dúshláin chontúirteacha).

i gcás ina sásaíonn an t-ábhar sin i gcás phointí (a)-(d) an tástáil riosca mar a shainítear sa Chód seo í.

e. ábhar físeáin ina bhfaightear gríosú chun foréigin nó fuatha in aghaidh grúpa daoine, nó comhalta de ghrúpa, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[7], arb iad sin gnéas, cine, dath craicinn, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, treoshuíomh gnéasach,

6. Lena n-áirítear, ach gan a bheith srianta do bhallraíocht den Lucht Siúil nó den phobal Romach.
7. Lena n-áirítear, ach gan a bheith srianta do bhallraíocht den Lucht Siúil nó den phobal Romach.

f. ábhar físeáin, arb éard atá ina scaipeadh:
    i. briogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541,
    ii. cion i dtaca le "pornagrafaíocht leanaí" de réir na brí a thugtar don téarma in Airteagal 5(4) den Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus
    iii. cion i dtaca leis an gciníochas agus seineafóibe mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/JHA.

ciallaíonn "**tástáil riosca**" ábhar lena mbaineann an méid seo a leanas:

a. aon bhaol do bheatha duine, nó
b. caithfidh an t-ábhar a bheith ina chúis le baol mór do bheatha nó meabhairshláinte duine, i gcás inar féidir an díobháil a réamhthuar go réasúnta.

ciallaíonn "**teicnící fo-thairseachúla**" aon ghléas teicniúil, lena dtapaítear an fhéidearthacht, trí íomhánna fíorghearr ó thaobh faid de a úsáid nó trí mhodh ar bith eile, teachtaireacht a sheoladh chuig baill de spriocluchte, féachana nó éisteachta nó tionchar a fheidhmiú ar bhealach éigin eile orthu, gan iad a bheith feasach nó lánfheasach faoin méid a rinneadh.

ciallaíonn "**cumarsáid tráchtála fholaitheach**" léiriú i bhfocail nó pictiúir ar earraí, seirbhísí, ainm, trádmharc nó gníomhaíochtaí táirgeora earraí nó soláthraí seirbhísí i gcláir nuair a bheartaíonn an soláthraí seirbhíse meán go bhfeidhmeoidh an léiriúchán sin mar fhógraíocht, agus go bhféadfaí an pobal a mhíthreorú faoina cineál. Measfar léiriúchán den sórt sin go sonrach a bheith d'aon ghnó má dhéantar é ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil a fháil.

ciallaíonn "**téarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara**" gach clásal, beag beann ar a n-ainm nó cineál, lena rialaítear an caidreamh conarthach idir soláthróir na seirbhísí idirmheánacha agus faighteoirí na seirbhíse.

ciallaíonn "**ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí**" ábhar a chruthaigh úsáideoir seirbhíse agus arna uaslódáil chuig an tseirbhís ag an úsáideoir sin nó ag aon úsáideoir eile, mar arb í seirbhís ardáin comhroinnte físeán í an tseirbhís.

ciallaíonn "**físeán arna ghiniúint ag úsáideoirí**" ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí lena gcuimsítear sraith íomhánna gluaisteacha lena mbaineann fuaim nó gan fuaim lena gcuimsítear mír aonair, gan beann ar a fhad, a chruthaíonn úsáideoir agus a d'uaslódáil an t-úsáideoir sin nó aon úsáideoir eile chuig ardán comhroinnte físeán.

tagraítear le "**ábhar físeáin**" do:

a. físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí,
b. aon chlár.

ciallaíonn "**seirbhís ardáin comhroinnte físeán**" an méid seo a leanas:

- seirbhís arna sainiú ag Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, inarb é príomhchuspóir na seirbhíse nó de chuid indealaithe de sin nó feidhmiúlacht riachtanach na seirbhíse a shanntar do chláir a chur ar fáil, físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí, nó an dá cheann, don phobal i gcoitinne, nach bhfuil freagracht eagarthóireachta an tsoláthraí ardáin comhroinnte físeán astu, chun eolas a thabhairt, siamsaíocht nó oideachas a chur ar fáil, trí mheán líonraí cumarsáide leictreonaí de réir bhrí phointe (a) d'Airteagal 2 de Threoir 2002/21/CE agus arb é an soláthraí ardáin comhroinnte físeán a chinneann an t-eagrúchán orthu, lena n-áirítear trí mheán uathoibríoch nó trí algartaim go sonrach tír thaispeáint, clibeáil agus seicheamhú.

ciallaíonn "**soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán**" an duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann seirbhís ardáin comhroinnte físeán ar fáil.

# 12. Oibleagáidí Sonracha na Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán - Ábhar

## Téarmaí agus Coinníollacha agus Oibleagáidí Gaolmhara - Ábhar

12.1. Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse, srianta a chuireann cosc ar úsáideoirí ar na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- ábhar físeáin srianta a uaslódáil nó a chomhroinnt mar a shainítear sa Chód seo é, agus
- ábhar dodhealaithe srianta arna ghiniúint ag úsáideoirí a uaslódáil nó a chomhroinnt mar a shainítear sa Chód seo.

12.2. Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse, ceachtar de na nithe seo a leanas:

a. srian lena gcoisctear ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a uaslódáil nó a chomhroinnt mar a shainítear sa Chód seo é; nó
b. srian nach mór d'úsáideoir a uaslódálann ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin mar a shainítear sa Chód seo é an t-ábhar a rátáil gan a bheith oiriúnach do leanaí leis an sásra arna fhorbairt ag an soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán sa bhreis ar Alt 12.11.

12.3. Aon seirbhís ardáin comhroinnte físeán a ndírítear an príomhchuspóir leis an tseirbhís, nó cuid indealaithe di sin, ar chláir, físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí nó an dá rud a chur ar fáil, lena gcuimsítear ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin mar a shainítear sa Chód seo; áireofar léi, i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse, ceanglas lena gcoisctear úsáid na seirbhíse ag leanaí nó na coda indealaithe di sin, de réir mar is amhlaidh, agus oibleagáid go n-áirithíonn úsáideoirí is daoine fásta nach n-úsáideann leanaí a gcuntais ar an tseirbhís.

12.4. Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse ceanglas go gcomhlíonann úsáideoirí na hoibleagáidí dearbhaithe aoise agus rátála ábhair agus nach ndéanann siad iarracht iad a shárú, mar a leagtar amach in Ailt 12.10 agus 12.11 den Chód seo.

12.5. Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse ceanglas go gcomhlíonann úsáideoirí na hoibleagáidí dearbhaithe aoise agus rátála ábhair agus nach ndéanann siad iarracht iad a shárú, mar a leagtar amach faoi Ailt 12.1-12.4 den Chód seo.

## Cuntais a chur ar Fionraí

12.6. Cuirfidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán na forálacha dá théarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara lena dtugtar éifeacht don alt seo den Chód agus, i gcás inarb iomchuí, agus tar éis dó rabhadh roimh ré a eisiúint, soláthar a sheirbhíse d'úsáideoirí na seirbhíse a chur ar fionraí go ceann tréimhse réasúnta ama, a measfaidh siad gur sháraigh siad go minic téarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse arna leagan amach in Ailt 12.1-12.4.

12.7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le fionraíocht, déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán measúnú, ar bhonn cás ar chás agus bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil, cé acu a sháraigh nó nár sháraigh an t-úsáideoir na téarmaí agus oibleagáidí agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse mar a leagtar amach in Ailt 12.1-12.4, agus na fíorais agus imthosca ábhartha uile á dtabhairt san áireamh ón bhfaisnéis atá ar fáil do sholáthraí na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

12.8. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le fionraíocht, féachfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go cuí do chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí lena mbaineann, lena n-áirítear cearta bunúsacha fhaighteoirí na seirbhíse, amhail saoirse cainte, saoirse agus iolrachas na meán, agus cearta bunúsacha eile agus na saoirsí eile a dhaingnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

12.9. Ní bheidh feidhm ag Ailt 12.6, 12.7 agus 12.8 ach amháin sa mhéid nach gcumhdaítear na hiarmhairtí don úsáideoir leis na bearta a glacadh de bhun Airteagail 23 agus 35(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2065 (An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

## Dearbhú Aoise agus Ábhar Físeáin do Dhaoine Fásta Amháin

12.10. Aon soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nach gcoisctear ina théarmaí agus coinníollacha uaslódáil ná comhroinnt ábhair físeáin do dhaoine fásta amháin mar a shainítear sa Chód seo é; cuirfidh sé chun feidhme bearta éifeachtacha dearbhaithe aoise mar a shainítear sa Chód seo iad chun a áirithiú nach féidir le daoine amharc de ghnáth ar ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin. Ní bheidh bearta dearbhaithe aoise nach bhfuil bunaithe ach amháin ar fhéindearbhú aoise ag úsáideoirí na seirbhíse ina bheart éifeachtach chun críocha na coda seo.

## Rátáil Ábhair

12.11. Aon soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nach gcoisctear ina théarmaí agus coinníollacha uaslódáil ná comhroinnt ábhair físeáin do dhaoine fásta amháin mar a shainítear sa Chód seo; cuirfidh sé ar bun córas so-úsáidte rátála ábhair a cheadaíonn d'úsáideoirí a uaslódálann físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí ábhar den sórt sin a rátáil. Cuirfidh an sásra rátála ábhair ar chumas úsáideoirí an t-ábhar a rátáil gan a bheith oiriúnach do leanaí toisc gur ábhar do dhaoine fásta amháin atá san ábhar físeáin, mar a shainítear sa Chód seo é, agus ábhar físeáin den sórt sin a chlibeáil dá réir chun trédhearcacht a áirithiú d'úsáideoirí ag amharc ar an ábhar sin.

### An Dioscúrsa Sibhialta maidir le hÁbhair Leasa Phoiblí

12.12. Ní léirmhíneofar le hAlt 12 den Chód seo go gcoisctear leis uaslódáil nó comhroinnt ábhair físeáin ina bhfaightear íomhánna foréigneacha nó suaiteacha i gcás inar uaslódáladh nó comhroinneadh ábhar den sórt sin mar rannchur leis an dioscúrsa sibhialta maidir le hábhar leasa phoiblí, ar an gcuntar nach féidir le leanaí amharc de ghnáth ar ábhar den sórt sin, agus go mbaintear an méid sin amach trí leas a bhaint as bearta iomchuí chun an toradh sin a bhaint amach, amhail rátáil ábhair, dearbhú aoise nó rialúcháin tuismitheoirí.

# 13. Oibleagáidí Soláthraithe Seirbhíse Ardáin Comhroinnte Físeán – Cumarsáid Tráchtála Chlosamhairc

## Téarmaí agus Coinníollacha agus Oibleagáidí Gaolmhara – Cumarsáid Tráchtála Chlosamhairc

### Cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann seirbhís ardáin comhroinnte físeán a mhargú, a dhíol, ná a shocrú

13.1. Aon soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, i gcás cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann sé a mhargú, a dhíol nó a shocrú; cuirfidh sé san áireamh agus i bhfeidhm i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse srianta lena gcoisctear úsáideoirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- uaslódáil agus comhroinnt cumarsáide tráchtála closamhairc atá díobhálach don phobal i gcoitinne mar a shainítear sa Chód seo,
- uaslódáil agus comhroinnt cumarsáide tráchtála closamhairc atá díobhálach do leanaí mar a shainítear sa Chód seo,
- uaslódáil agus comhroinnt cumarsáide tráchtála closamhairc srianta mar a shainítear sa Chód seo.

13.2. Aon soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, i gcás cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann sé a mhargú, a dhíol ná a shocrú; cuirfidh sé san áireamh agus i bhfeidhm i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse ceanglas gur féidir cumarsáid tráchtála chlosamhairc mar a shainítear sa Chód seo a aithint go héasca mar sin.

13.3. Aon soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, i gcás cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann sé a mhargú, a dhíol ná a shocrú; cuirfidh sé san áireamh agus i bhfeidhm i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse srian lena gcoisctear cumarsáid fholaitheach tráchtála chlosamhairc mar a shainítear sa Chód agus úsáid teicnící fo-thairseachúla mar a shainítear sa Chód seo iad i gcumarsáid tráchtála chlosamhairc.

13.4. Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán oibleagáid a áireamh i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse oibleagáid ar úsáideoirí a dhearbhú nuair a uaslódálann siad físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí ina bhfaightear cumarsáid tráchtála chlosamhairc ar feadh eolais na n-úsáideoirí nó ar feadh an eolais lena mbeadh coinne réasúnta a bheidh ar eolas acu.

13.5. Áireoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán i dtéarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse ceanglas go gcomhlíonann úsáideoirí na téarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara agus nach ndéanann siad iarracht iad a shárú, mar a leagtar amach faoi Ailt 13.1-13.4 den Chód.

## Cuntais a chur ar Fionraí

13.6. Cuirfidh soláthraí seirbhíse comhroinnte físeán na forálacha dá théarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara lena dtugtar éifeacht don alt seo den Chód agus, i gcás inarb iomchuí, agus tar éis dó rabhadh roimh ré a eisiúint, soláthar a sheirbhíse d'úsáideoirí na seirbhíse a chur ar fionraí go ceann tréimhse réasúnta ama, a measfaidh siad gur sháraigh siad go minic téarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse arna leagan amach in Ailt 13.1-13.4.

13.7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le fionraíocht, déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán measúnú, ar bhonn cás ar chás agus ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil, cé acu a sháraigh nó nár sháraigh an t-úsáideoir na téarmaí agus oibleagáidí agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse mar a leagtar amach in Ailt 13.1-13.4, agus na fíorais agus imthosca ábhartha uile á dtabhairt san áireamh ón bhfaisnéis atá ar fáil do sholáthraí na seirbhísí ardáin comhroinnte físeán.

13.8. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le fionraíocht, féachfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go cuí do chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí lena mbaineann, lena n-áirítear cearta bunúsacha fhaighteoirí na seirbhíse, amhail saoirse cainte, saoirse agus iolrachas na meán, agus cearta bunúsacha eile agus na saoirsí eile a dhaingnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

13.9. Ní bheidh feidhm ag Ailt 13.6, 13.7 agus 13.8 ach sa mhéid nach gcumhdaítear na hiarmhairtí don úsáideoir le bearta arna nglacadh de bhun Airteagail 23 agus 35(1)(b) de Rialachán (AE) 2022/2065 (An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

## Cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann an tseirbhís ardáin comhroinnte físeán a mhargú, a dhíol nó a shocrú

13.10. Ní dhéanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán an méid seo a leanas a mhargú, a dhíol, ná a shocrú:

- cumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta atá díobhálach don phobal i gcoitinne mar a shainítear sa Chód seo,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta atá díobhálach do leanaí mar a shainítear sa Chód seo, nó
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta mar a shainítear sa Chód seo.

13.11. Aon soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, i gcás cumarsáid tráchtála chlosamhairc a dhéanann an soláthraí ardáin comhroinnte físeán sin a mhargú, a dhíol nó a shocrú; áiritheoidh sé gur féidir cumarsáid tráchtála chlosamhairc a aithint go héasca mar sin.

13.12. Ní dhéanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán cumarsáid fholaitheach tráchtála chlosamhairc a mhargú, a dhíol, ná a shocrú mar a shainítear sa Chód seo, ná ní áireoidh sé sa chumarsáid tráchtála chlosamhairc úsáid teicnící fo-thairseachúla mar a shainítear sa Chód seo.

### Alcól

13.13. Ní bheidh srian ar sholáthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán margú, díol ná socrú a dhéanamh, agus (i gcás cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach ndéanann siad a mhargú, a dhíol ná a shocrú) ní bheidh ceanglas orthu cosc a chur ar chumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh alcóil ar an gcoinníoll nach féidir le leanaí amharc ar an ábhar sin de ghnáth, agus bainfear an méid sin amach trí bhearta a úsáid atá oiriúnach leis na torthaí sin a bhaint amach, amhail rátáil ábhair, dearbhú aoise agus rialúcháin tuismitheoirí.

### Dearbhú cumarsáide tráchtála closamhairc le haghaidh físeán arna ghiniúint ag úsáideoirí

13.14. Cuirfidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeáin feidhmiúlacht i bhfeidhm le haghaidh úsáideoirí a uaslódálann físeáin arna nginiúint ag úsáideoirí a dhearbhaíonn cé acu atá nó nach bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc in ábhar físeáin den sórt sin, chomh fada agus is eol do na húsáideoirí é nó a bhféadfaí coinne a bheith ar eolas acu.

13.15. I gcás inar dhearbhaigh úsáideoir go bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc le fáil i bhfíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí nó i gcás gurb eol sin do sholáthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán go gcuirtear úsáideoirí na seirbhíse ar an eolas go neamhbhalbh faoin dearbhú nó faoin gcaoi ina bhfuil cumarsáid tráchtála chlosamhairc le fáil san fhíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí ar bhealach atá follasach d’úsáideoirí na seirbhíse.

## 14. Rialúcháin Tuismitheoirí

14.1. Aon soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán a gceadaítear faoina théarmaí seirbhíse d’úsáideoirí faoi bhun aois 16 bliana (is é sin le rá, 15 bliana d’aois agus níos óige); déanfaidh sé foráil maidir le córais rialúcháin tuismitheoirí atá faoi rialú an úsáideora deiridh a mhéid a bhaineann le hábhar físeáin agus cumarsáid tráchtála chlosamhairc a d’fhéadfadh díobháil a dhéanamh d’fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta leanaí.

14.2. Tabharfaidh na córais rialúcháin tuismitheoirí cúnamh do thuismitheoirí nó caomhnóirí a gcuid breithiúnais a thabhairt faoin gcaoi is fearr le forbairt coirp, meabhrach agus mhorálta a leanaí a chosaint ar ábhar físeáin agus ar chumarsáid tráchtála chlosamhairc.

Beidh na feidhmeanna seo a leanas acu, mar íosmhéid:

a. a chur ar chumas tuismitheoirí nó caomhnóirí srian a chur ar leanbh amharc ar an ábhar físeáin arna uaslódáil nó arna chomhroinnt ag úsáideoirí nach bhfuil aithne ag an leanbh orthu;

b. a chur ar chumas tuismitheoirí nó caomhnóirí srian a chur ar leanbh amharc ar an ábhar físeáin arna uaslódáil nó arna chomhroinnt ag úsáideoirí nach bhfuil aithne ag an leanbh orthu;
c. a chur ar chumas tuismitheoirí nó caomhnóirí srian a chur ar leanbh amharc ar an ábhar físeáin nó cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá bunaithe ar théarmaí teanga atá le fáil sa tuairisc ar an bhfíseán nó cumarsáid tráchtála nó atá bunaithe ar mheiteashonraí faoin bhfíseán nó faoin gcumarsáid tráchtála; agus
d. a chur ar chumas tuismitheoirí nó caomhnóirí teorainneacha ama a shocrú a mhéid a bhaineann le hamharc ar ábhar físeáin.

14.3. Cuirfidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán faisnéis ar fáil ina mínítear d’úsáideoirí, lena n-áirítear leanaí, an chaoi a n-oibríonn córais rialúcháin tuismitheoirí.

14.4. Tarraingeoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán aird úsáideoirí, lena n-áirítear leanaí, ar bhealach iomchuí, ar na córais rialúcháin tuismitheoirí a chuireann siad ar fáil.

14.5. Áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán sa chás ina dtairgtear córais rialúcháin tuismitheoirí mar cheanglas faoin alt seo den Chód, go gcuirfear na córais sin ar fáil mar rogha d’úsáideoirí nua ar chlárú cuntas úsáideoirí nua leis an tseirbhís.

# 15. Tuairisciú agus Marcáil

15.1. Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán sásraí follasacha agus so-úsáidte a chur ar bun agus a oibriú d’úsáideoirí ardáin comhroinnte físeán chun an méid seo a leanas a thuairisciú nó a mharcáil don soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán:

- ábhar físeáin srianta mar a shainítear sa Chód seo,
- ábhar dodhealaithe srianta arna ghiniúint ag úsáideoirí a uaslódáil nó a chomhroinnt mar a shainítear sa Chód seo,
- ábhar físeáin do dhaoine fásta amháin a uaslódáladh nó a comhroinneadh agus téarmaí agus coinníollacha agus oibleagáidí gaolmhara na seirbhíse mar a shainítear sa Chód seo á sárú,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta atá díobhálach don phobal i gcoitinne mar a shainítear sa Chód seo,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta atá díobhálach do leanaí mar a shainítear sa Chód seo,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc shrianta mar a shainítear sa Chód seo,
- cumarsáid tráchtála chlosamhairc nach gcomhlíonann na ceanglais in Alt 13.4.

15.2. Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán córais a chur ar bun agus a oibriú trína míníonn soláthraithe d'úsáideoirí na seirbhíse ardáin comhroinnte físeán an éifeacht a tugadh don tuairisciú agus don mharcáil ábhair trí leas a bhaint as sásraí tuairiscithe agus marcála dá dtagraítear sa chuid seo, mar shampla, baint an ábhair sin.

15.3. Agus eolas á thabhairt d'fhógróir faoina chinneadh maidir le hábhar tuairiscithe nó marcáilte, cuirfidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán an fógróir ar an eolas gur féidir leo na nósanna imeachta láimhseála gearán atá curtha ar bun ag an soláthraí seirbhíse a úsáid i gcomhréir le hAlt 16 má bhíonn siad míshásta leis an gcinneadh agus cuirfidh sé faisnéis shoiléir agus thrédhearcach ar fáil d'úsáideoirí faoi chórais láimhseála gearán.

# 16. Gearáin

16.1. Déanfaidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nósanna imeachta follasacha, so-úsáidte agus éifeachtacha a chur ar bun agus a oibriú chun gearáin úsáideoirí leis an soláthraí ardáin comhroinnte físeán a láimhseáil agus a réiteach a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na mbeart a bhaineann le dearbhú aoise, rátáil ábhair, rialúcháin tuismitheoirí agus tuairisciú agus marcáil.

16.2. Eisiafar ón gceanglas dá dtagraítear in 16.1 láimhseáil agus réiteach gearán i ndáil le cinntí a liostaítear in Airteagal 20(1), pointí (a) go (d) de Rialachán (AE) 2022/2065 (An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

16.3. Ba cheart don fhaisnéis faoi na nósanna imeachta láimhseála gearán a bheith feiceálach, inrochtana agus inaitheanta go héasca le haghaidh úsáideoirí na seirbhíse ardáin comhroinnt físeán.

16.4. Láimhseoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán gearáin ar bhealach dícheallach, tráthúil, neamh-idirdhealaitheach, agus éifeachtach.

# 17. Oibleagáidí na Soláthraithe Seirbhíse Ardáin Comhroinnte Físeán - Eile

## Litearthacht sna Meáin – Bearta agus Uirlisí

17.1. Foilseoidh gach soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán plean gníomhaíochta ina sonraítear na bearta a ghlacfaidh sé chun an litearthacht sna meáin a chur chun cinn. Tabharfar an plean cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.

## Sonraí Pearsanta – Leanaí

17.2. Áiritheoidh soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán nach ndéanann sé sonraí pearsanta leanaí arna mbailiú nó arna nginiúint ar bhealach eile agus oibleagáidí sa Chód seo á gcur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dearbhú aoise agus rialúcháin tuismitheoirí a phróiseáil chun cuspóirí tráchtála, amhail margaíocht dhíreach, próifíliú agus fógraíocht a spriocdhírítear leis an iompraíocht.

## Tuairisciú ar Bhearta

17.3. De bhun Alt 139K(6) den Acht, cuirfidh gach soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán tuarascáil ar fáil don Choimisiún, gach 3 mhí nó ag eatraimh eile a fhéadfaidh an Coimisiún a shonrú go ginearálta nó a mhéid a bhaineann le soláthraí seirbhíse ardáin comhroinnte físeán, ar bhealach a shonróidh an Coimisiún ó am go chéile é sa bhreis air sin, maidir le láimhsiú cumarsáide ag an soláthraí seirbhíse ó úsáideoirí a dhéanann gearáin nó maidir le nithe eile.